2023/2404

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 143/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2404]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/851 ón gCoimisiún an 22 Márta 2022 lena gceartaítear an leagan Portaingéilise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/844 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66ne (Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún):

   '- **32022 R 0844**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/844 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2022 (IO L 148, 31.5.2022, lch. 24).'

2. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66zbb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún):

   '- **32022 R 0851**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/851 ón gCoimisiún an 22 Márta 2022 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 21).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán Tharmligthe (AE) 2022/851 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/844 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 115/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 150, 1.6.2022, lch. 21.
([2]) IO L 148, 31.5.2022, lch. 24.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L, 2023/2264, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2023/2264/oj.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN